

## Cur chuige an DPC maidir le CCTV Baile

Toisc chomh coitianta is a mbaineann daoine aonair úsáid as gairis taifeadta chun a mbailte agus a réadmhaoín a chosaint (lena n-áirítear CCTV agus cloigíní dorais cliste) tá roinnt dúshlán tagtha chun cinn maidir le rialú a dhéanamh ar phróiseáil oibritheoirí na ngaireas taifeadta sin ar shonraí pearsanta. Léiríonn sin saincheisteanna sochaíocha níos leithne freisin a bhaineann le rochtain a bheith ag daoine aonair príobháideacha ar theicneolaíocht faireachais agus í a úsáid, ar daoine iad a bhféadfadh sé nach dtuigeann siad a ndualgais maidir le cearta daoine eile, lena n-áirítear cearta príobháideachta agus cosanta sonraí. Is é cuspóir na cáipéise seo cur chuige ginearálta an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i dtaobh gearáin ó dhaoine aonair maidir le húsáid CCTV baile a leagan amach. Tá an cur chuige seo bunaithe ar Straitéis Rialála 2022-2027 an Choimisiúin um Chosaint Sonraí atá ag teacht gan mhoill agus léiríonn measúnú an DPC maidir leis an mbealach is iomchuí le gearáin dá leithéid a láimhseáil le haird ar na rioscaí a bhaineann leo d'ábhair sonraí agus do chur i bhfeidhm acmhainní an DPC.

Gan trácht ar shaincheisteanna príobháideachais - ar féidir iad a thabhairt os comhair na cúirte sibhialta nó na cúirte coiriúla - is é an túsphointe ó thaobh an rialóra cosanta sonraí de é cibé an bhfuil próiseáil na sonraí pearsanta trí na gairis seo ag teacht faoi raon an GDPR nó nach bhfuil. Is í an díolúine theaghlaigh faoi Airteagal 2(2)(c) den GDPR is cúis leis sin. Tá feidhm ag an díolúine sa chás go ndéanann duine nádúrtha sonraí pearsanta a próiseáil **le linn ghníomhaíocht atá go huile agus go hiomlán pearsanta nó a bhaineann leis an teaghlach**. Ciallaíonn sé sin má bhaineann tú úsáid as na sonraí pearsanta ar mhaithe le nithe amhail scríobh chuig cairde nó chuig daoine muinteartha, leabhair seoltaí nó líonrú sóisialta áirithe a choinneáil, nuair atá na gníomhaíochtaí sin go huile agus go hiomlán pearsanta, níl tú faoi réir ag an GDPR. I réimse CCTV, chiallóidh sé sin, den chuid is mó, chomh fada is go bhfuil na híomhánna a ghlactar laistigh de theorainn do bhaile féin agus nach n-úsáidtear iad ach amháin chun críche pearsanta, is dóigh go mbeidh feidhm ag an díolúine. Má fheidhmíonn do ghaireas ar bhealach a ghlacann íomhánna de dhaoine taobh amuigh de theorainn do bhaile (i limistéir phoiblí nó i réadmhaoín do chomharsan), áfach, níl tú i dteideal leas a bhaint as an díolúine theaghlaigh níos mó. Sna cúinsí sin, ní mór duit an bealach a mbaineann tú úsáid as an ngaireas chun íomhánna a ghlacadh a athrú chun íomhánna a ghlacadh laistigh de theorainn do réadmhaoine féin nó chun dlí cosanta sonraí a chomhlíonadh. Tagann sé seo chun cinn de bharr chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás Rnyeš (C 212/13), a chinn nach raibh feidhm ag an díolúine

theaghlaigh sa chás go nglacann córas CCTV baile íomhánna den tsráid lasmuigh den réadmhaoín phríobháideach.

Cuireann an DPC comhairle ar gach sealbhóir tí úsáid a bhaint as a ngairis ar bhealach a ghlacann íomhánna laistigh de theorainn a réadmhaoine féin amháin chun gearáin chuig an DPC a sheachaint maidir le húsáid na ngaireas sin nó chun imeachtaí sibhialta nó coiriúla a sheachaint ó dhaoine a gcuirtear isteach orthu.

Tá líon mór gearán fiosraithe ag an DPC cheana féin maidir le daoine aonair a bheith ag úsáid CCTV baile. Baineann na gearáin sin, den chuid is mó, le comharsana a bhfuil córas CCTV nó cloigín dorais cliste in úsáid acu. Tá breis is 150 gearán láimhseáilte ag an DPC maidir leis an gceist sin amháin le bliain anuas. Bhain idirghníomhaíocht mhór ón DPC leis an gcuid is mó de na cásanna sin inar deimhníodh i ndeireadh na dála go raibh feidhm ag an díolúine theaghlaigh sular cuireadh an gearáin ar aghaidh. Sa chuid eile de na cásanna, oibríonn an DPC leis an oibritheoir chun iarracht a dhéanamh cúrsaí a athrú chun go dtiocfadh oibritheoir an CCTV faoin díolúine. Bíonn sé sin i gceist go háirithe sa chás go mbíonn saincheisteanna níos leithne i gceist agus sa chás nach mbíonn cosaint sonraí ag croílár na díospóide. Cé go mbaineann a gcuid fíricí ar leith le gach cás, tagann roinnt téamaí comhchoiteanna chun cinn:

- Is iondúil go mbaineann díospóidí le saincheisteanna níos leithne idir chomharsana a bhaineann go minic le líomhaintí ionsaithe, treaspáis nó iompar frithshóisialta agus is minic go mbíonn An Garda Síochána i gceist.
- Is minic a bhíonn an díospóid ceangailte le saincheisteanna dlí amhail díospóid faoi cheart slí nó teideal talún.
- Baineann díospóidí maidir le ceamaraí a úsáidtear ag aonaid ilfhorbartha go minic le bealaí isteach a roinntear nó nuair nach mbíonn spásanna páirceála gar don áit chónaithe.
- Úsáid ceamaraí bréige, nach dtagann saincheisteanna cosanta sonraí chun cinn dá mbarr, nó ceamaraí a bhfuil púicín orthu chun nach nglacann siad ach íomhánna laistigh de réadmhaoín an úinéara.
- Bíonn dúshláin i gceist maidir leis an DPC ag cur a chumhacha i bhfeidhm in aghaidh daoine aonair laistigh dá n-áit chónaithe féin.

## **Cur Chuige an DPC**

Tá sé d'oibleagáid ag an DPC faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 araon **gearáin a chuirtear faoina bhráid a láimhseáil a mhéid is cuí agus beart a dhéanamh mar is cuí ag féachaint do nádúr agus do chúinsí an ghearáin**. Trí sin a dhéanamh, ní mór don DPC féachaint d'fhíricí ar leith an cháis, d'úsáid fhoriomlán

acmhainní an DPC laistigh de chomhthéacs na mílte gearán a fhaightear gach bliain agus breithniúcháin beartas poiblí maidir le hacmhainní agus cumhachtaí an DPC a chur i bhfeidhm in aghaidh daoine aonair (amhail cigireacht i suíomh baile) i gcásanna lena mbaineann díospóidí níos leithne (agus a bhféadfadh a bheith ina ábhar gearán chuig an nGarda Síochána nó os comhair na gcúirteanna cheana féin).

Leis sin ar intinn, agus ag teacht le Straitéis Rialála 2022-2027 an DPC atá ag teacht gan mhoill, is mar seo a leanas a bheidh cur chuige an DPC maidir leis na gearáin sin (agus beidh an cur chuige sin bunaithe ar fhíricí gach cáis aonair):

- Chun an gearán a mheas le cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil fianaise ann go bhfuil sonraí pearsanta á bpróiseáil: sa chás nach bhfuil fianaise dá leithéid ann nó sa chás go bhfuil an DPC sásta nach bhfuil an ceamara atá i gceist ag oibriú nó go bhfuil sé ag oibriú faoin díolúine phearsanta nó theaghligh, níl feidhm ag an GDPR agus níl aon chéim bhreise de dhíth.
- Sa chás go mbaineann an cás le cearta slí nó teorainneacha talún faoi dhíospóid, ní féidir leis an DPC cinneadh fíorais a dhéanamh maidir le hábhair dá leithéid, mar sin, ní féidir a chinneadh má tá feidhm ag an díolúine phearsanta nó theaghligh nó nach bhfuil. Sna cásanna sin, ní ghlacfaidh an DPC aon bheart breise nó go mbeidh an díospóid dlí socraithe ag an údarás ábhartha ná mura leantar leis an bpróiseáil i ndiaidh an phointe sin.
- Sa chás go bhfuil fianaise de phróiseáil sonraí pearsanta i gceist, rachaidh an DPC i mbun idirghníomhaíochta leis na páirtithe chun iarracht a dhéanamh an cheist a réiteach trí chomhairle a thabhairt don oibrítheoir a chuid gaireas a bheith ag teacht faoin díolúine theaghligh.
- I gcás nach n-éiríonn leis sin agus gur léir go bhfuil cúinsí an cháis ina bhfuil ceamara ag obair ceangailte i saincheisteanna eile idir dhaoine aonair amhail úsáid agus rochtain ar bhealaí isteach roinnte agus limistéir choiteanna, iompar frithshóisialta, líomhaintí ciaptha, núise, ionsaithe, bagairt i ndáil le hionsaí nó damáiste ar réadmhaoin, is iondúil go ndéanfaidh an DPC a dhícheall an tsaincheist/na saincheisteanna ábhartha cosanta sonraí a aithint do na páirtithe agus comhairle chuí a chur ar fáil.
- Is faoi dhuine aonair a bheidh sé brath ar an gcomhairle sin i gcomhthéacs an chaoi a ndéanfaidh sé na saincheisteanna níos leithne maidir leis an díospóid a láimhseáil.

Is ionann sin agus cur chuige ginearálta an DPC agus déanfar é a shocrú ag brath ar fhíricí aon cháis ar leith. De réir thaithí an DPC go dtí seo, is díospóidí comharsan a bhíonn i go leor de na cásanna seo agus bheadh sé níos fearr aghaidh a thabhairt orthu

trí eadráin, ar bealach é atá níos oiriúnaí chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna níos leithne. Ní chuireann an DPC aon sheirbhís eadrána ar fáil agus ba chóir do dhaoine aonair comhairle a fháil ó sheirbhísí eadrána cuí, cuid acu a chuirtear ar fáil saor in aisce.

## **Cás-staidéar 1: Limistéir poiblí agus comharsana toilteanacha**

Chuir an gearánach gearán i gcoinne comharsan ar aghaidh mar go raibh imní air go raibh ceamaraí na comharsan ag glacadh íomhánna den bhóthar agus den chosán poiblí a bhí in úsáid ag an ngearánach gach lá.

Nuair a rinne an DPC an cás a scrúdú tháinig sé chun cinn go raibh oibritheoir an CCTV ag glacadh íomhánna den bhóthar poiblí, den chosán agus den fhaiche phoiblí os comhair a réadmhaoine agus de réadmhaoin na comharsan ar chúl a réadmhaoine féin. Thug an DPC treoir don oibritheoir maidir le CCTV Baile a úsáid agus d'iarr ar an oibritheoir uillinn na gceamaraí a athrú nó zóin phríobháideachais a chur i bhfeidhm chun nach mbeadh siad ag glacadh íomhánna de limistéir phoiblí ná de réadmhaoin na comharsan a thuilleadh.

Chuir an t-oibritheoir an píosa scannánaíochta athraithe ar fáil a léirigh go soiléir go raibh an ceamara tosaigh anois ag glacadh píosaí scannánaíochta ó laistigh de theorainn a réadmhaoine féin amháin agus chuir sé toiliú óna chomharsan ar fáil chomh maith ag maíomh go mbeadh sé ábalta leanúint d'íomhánna a ghlacadh dá ghairdín cúil, ó tharla go raibh imní ar an gcomharsa sin faoi chúrsaí slándála. Chuir an DPC comhairle ar an oibritheoir go bhféadfadh an chomharsa an toiliú sin a tharraingt siar tráth ar bith agus sa chás go dtarlódh sin bheadh ar an oibritheoir stop a chur leis na ceamaraí a oibriú ar an dóigh sin láithreach.

Tugadh an gearán chun críche ar an mbonn go bhfuil an córas CCTV Baile anois ag comhlíonadh Airteagal 2(2)(c) den GDPR agus go bhfuil toiliú faighte ag an oibritheoir ón gcomharsa atá i gceist na píosaí scannánaíochta seo a ghlacadh lasmuigh de theorainn réadmhaoin an oibritheora.

## **Cás-staidéar 2: Ceamara bréige**

Chuir an gearánach gearán ar aghaidh i gcoinne comharsan ag maíomh go raibh sé ag glacadh íomhánna de ar a ceamaraí agus é ag dul isteach agus amach as a réadmhaoin féin.

Nuair a rinne an DPC an cás a scrúdú, tháinig se chun cinn nach raibh an gearánach ina chónaí béal dorais don oibritheoir CCTV níos mó ach go raibh imeachtaí sibhialta leanúnach ar bun. Líomhain an t-oibritheoir gur scrios an gearánach ceamara a bhí aige roimhe sin agus gur rugadh ar an ngearánach ag smúrthacht ar a réadmhaoin.

D'ainneoin sin, chuir an t-oibritheoir ceamara bréige in áit an cheamara scriosta agus shocraigh sé go raibh sé sách maith chun stop a chur leis an ngearánach a chos a chur ar a réadmhaoin arís.

Tugadh an gearán chun críche ar an mbonn nach raibh aon fhianaise ann go ndearnadh sonraí pearsanta a phróiseáil.

### **Cás-staidéir 3: Ceamaraí ag comhlíonadh na reachtaíochta**

Chuir an gearánach gearán ar aghaidh i gcoinne a chomharsan ag líomhain go raibh an córas CCTV ar fad, lena bhain cúpla ceamara, ag glacadh a chuid sonraí pearsanta.

Tháinig sé chun cinn le linn scrúdú an DPC, cé go raibh na ceamaraí dírithe ar éigean i dtreo réadmhaoin an ghearánaigh, ní raibh lionsaí na gceamaraí ag glacadh íomhána de chuid ar bith de réadmhaoin an ghearánaigh ná ag glacadh a chuid sonraí pearsanta.

Tháinig críoch leis an ngearán ar an mbonn go bhfuil fheidhmiú an chórais CCTV ag comhlíonadh Airteagal 2(2)(c) den GDPR.

